libraries.fingal.ie

# KANOPY: FÍS-SRUTHÚ FAOI CHEANN NÓIMÉID!




- Cláir Fhaisnéise.
- Scannánaíocht Neamhspleách.
- Scannánaíocht Domhanda.
- Na Clasaicí.
- Scannáin a Bhuaigh Gradam.
- Seónna Teilifíse.
- Cartúin.
- Fís-leabhair.
- Saor in aisce agus gan fógraí.
- Gan teorainn.
- Rochtain ar an suíomh Gréasáin, san aip nó ar Theilifíseáin Chliste tacaithe.

**Conas A Chuirim Tús Leis?**

Cuir tús le cuntas le do Charta Leabharlainne Fhine Gall agus le do UAP.

Molaimid go ndéanfá a leithéid ar shuíomh Gréasáin: https://fingal.kanopy.com.






**Ar do bhrabhsálaí:** Téigh ar aghaidh go dtí https://fingal.kanopy.com. Molaimid úsáid a bhaint as an leagan is déanaí de Chrome, de Safari, de Firefox nó de Edge.




**Ar d'fhón póca:** Íoslódáil an aip Kanopy (Google Play) (iTunes), (Kindle Fire) agus sínigh isteach le do sheoladh rPhoist agus do phasfhocal i ndiaidh duit clárú.




**Ar Theilifíseáin:** Chliste tacaithe: Íoslódáil an aip teilifíse Kanopy ar Theilifíseáin Chliste tacaithe: Android TV agus Google TV le Android 7.1+; Apple TV le tvOS 12.0+; Fire TV le FireOS 6+; Roku le RokuOS 12.5+; Telstra TV; Samsung TV (an chuid is mó de na cineálacha ón mbliain 2019 nó níos déanaí le Tizen 5.0+).




**Trí Aip Libby:** Má tá tú ag léamh ár n-irisí digiteacha ar an aip Libby cheana féin, is féidir leat cliceáil ar aghaidh go dtí an in-aip Kanopy.




Coimeád do mhéar os cionn an chnaipe thar aon íomhá ke haghaidh na bunshonraí a fháil. Cliceáil ar Féach Tuilleadh chun na roghanna Seinn a fheiceáil, chun cuir le Liosta na Mianta nó chun féachaint ar an Réamhfhógrán.




Is seirbhís sruthaithe amháin é Kanopy; níl aon rogha íoslódála ann.

**Kanopy Óg:**

- Cuireann Kanopy an bailiúchán Kanopy Óg ar fáil freisin, ábhar iontach aois-oiriúnach le haghaidh leanaí.
- Is féidir leat rochtain a fháil air trí Óg a chliceáil sa chúinne uachtarach ar thaobh dheas an leathanach baile.
- Má tá an aip fón póca á úsáid agat, déan Tuilleadh a thapáil ag bun an scáileáin agus ansin Ar Aghaidh go dtí Kanopy Óg.




- Ní féidir ach le daoine fásta cuntais Kanopy a chruthú, mar sin molaimid do thuismitheoirí na rialuithe a shocrú lena chinntiú nach féidir le leanaí féachaint ar ábhar lasmuigh de Kanopy.
- Le haghaidh na rialuithe a shocrú, logáil isteach ar do chuntas Kanopy ó bhrabhsálaí Gréasáin nó ó fhón póca agus ansin téigh chuig **Mo Chuntas** agus roghnaigh **Rialuithe Tuismitheora**.
- Cuir isteach UAP ceithre dhigit, roghnaigh í agus cliceáil **Feidhmigh**.
- Beidh do UAP ag teastáil le haghaidh Kanopy Óg a fhágáil ó ghléas ar bith.
- Ní féidir rialuithe an tuismitheora a bhainistiú ach ó bhrabhsálaí.
- Tá gach tuismitheoir nó caomhnóir freagrach as roghnúcháin ábhair a gcuid pháistí agus an tseirbhís seo á úsáid acusan.




Is féidir le héinne dul isteach sa leabharlann trí chlárú ar líne ag baint úsáide as an gcód MF nó ag *https://www.fingal.ie/council/service/join-library* Nuair a bheidh tú i ndiaidh clárú, is féidir leat na rSheirbhísí a úsáid láithreach, Kanopy san áireamh. Caithfidh cuairt a thabhairt ar leabharlann brainse laistigh de 30 lá le CA (grianghraf agus seoladh) ionas do chárta leabharlainne a fháil. Ligeann an cárta duit leabhar, closleabhair, DVDanna, cluichí agus mórán eile a fháil ar iasacht!

**rPhost: Library.eservices@fingal.ie**